# Saol Ella

## Eipeasóid 5: Ceacht 2

Tá an ceacht seo bunaithe ar an gclár *Saol Ella* – Eipeasóid 5: Cuid 2 **(10:45 – 23:00).**
Tá an mhír físe ar fáil ag: **https://snas.ie/lessons/eipeasoid-5-ceacht-2/**

**A: RÉAMHOBAIR**

Sula mbreathnóidh tú ar an mír físe, pléigh na ceisteanna seo a leanas:

1. An cuimhin leat cad a tharla sa chéad chuid d'eipeasóid 5? Bhí ról lárnach ag Rian ann.
2. Chomh maith leis sin, bhí Gearóidín ar buile le Dan sa chéad chuid den eipeasóid. An raibh sé sin féaráilte? An raibh trua agat do Dan?
3. Cad a tharlóidh anois maidir le físeán bhanna ceoil Ella? An dóigh leat go mbeidh deis eile aici é a thaifeadadh? An gcabhróidh Josh léi an chéad uair eile, má bhíonn an deis ann?
4. An dóigh leat go dtiocfaidh aoi speisialta chuig cóisir Shaorla ag deireadh na heipeasóide seo?
5. Tá spéis ag Treas i Rian agus i Rónán. Cé acu den bheirt is fearr léi, an dóigh leat?





snas.ie
© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**B. CLUASTUISCINT**

Anois, féach ar an mír físe agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cad a thugann Ella agus a cairde do Rian?
    a. clúdach litreach agus cipín cuimhne
    b. clúdach litreach agus barra seacláide
    c. clúdach litreach agus banda cóisire
2. Cén fáth nach dtugann Saorla banda cóisire do Bhróna?



3. Cé acu ceann de na focail seo ***is fearr*** a dhéanann cur síos ar an gcaoi a mbraitheann Ella nuair a insíonn Rian di nach gceapann a mháthair gur réalta cheoil í?
    a. díomá
    b. briseadh croí
    c. brón
    d. ardghiúmar
4. Cén **foláireamh** a thugann Máirín Jude do na buachaillí mura socraíonn siad síos?
5. Cé a chabhraíonn le Liam caoi a chur ar tharracóir Mhurt?
6. Ligeann Rian air le Máirín Jude go bhfuil tinneas air. Cén saghas tinnis atá ann, mar dhea?
    a. fiabhras
    b. deilgneach
    c. casacht
7. Cén mothúchán **is mó** atá ar na Gaeilgeoirí agus iad ag fanacht ar an aoi speisialta ag cóisir Shaorla?
    a. foighne
    b. frustrachas
    c. áthas
    d. gliondar croí
8. Cé hiad na haíonna speisialta a sheinneann ag cóisir Shaorla ar deireadh?



9. Bíonn an-rath ar an bhfíseán de ghig bhanna ceoil Ella nuair a chuirtear in airde ar an idirlíon é. **Fíor nó bréagach**?
10. Cén chaoi a gcabhraíonn Josh le hElla ag deireadh na heipeasóide?



snas.ie © Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad


**C: SAIBHREAS TEANGA**

Tá a lán focal spéisiúil/nathanna cainte san eipeasóid seo. Céard is brí leis na cinn seo? Cuir in **abairtí** iad chun a mbrí a léiriú. Bí cúramach - tá cuid acu sách drochbhéasach!

Leid: Mura bhfuil tú cinnte cad is brí leo, féach ar www.teanglann.ie nó ar www.focloir.ie.
Is féidir teacht ar abairtí samplacha ar www.corpas.ie



| | |
|---|---|
| 1. scubaid | |
| 2. scabhaitéir | |
| 3. óinseach cheart | |
| 4. leainín | |
| 5. éist do bhéal | |
| 6. drochsheans | |
| 7. tuatach | |
| 8. ar ór ná ar airgead | |
| 9. go brách | |
| 10. amadán | |







snas.ie © Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**D. CARACHTRACHT**

**1. Rian de Faoiste:**


Is carachtar nua é Rian de Faoite san eipeasóid seo. Is é an Béarla ar de Faoite ná '*white*' agus is é an Béarla atá ar Rian ná '*trace*.' Is léir nach bhfuil Rian chomh glan le criostal. Déanann sé iarracht mhór an dubh a chur ina gheal ar dhaoine san eipeasóid seo. Pléigh na ceisteanna seo thíos le do pháirtí ranga.



a. An dtaitníonn Rian de Faoite leat mar **charachtar**? Cén fáth?
b. Is é an **mana** atá ag Rian ná "iomlán fíor". Tá íoróin ag baint leis sin mar insíonn sé **an-chuid bréag** do dhaoine. An féidir leat cuimhneamh ar **dhá bhréag** a insíonn sé?
c. **Cén fáth** a n-insíonn Rian a lán bréag?
d. Cuireann Rian **lagmhisneach ar Ella** san eipeasóid seo. Cad a spreagann arís í?
e. Tá seanfhocal sa Ghaeilge, **'filleann an feall ar an bhfeallaire**.' Is í Saorla a bhíonn thíos ar deireadh le bréaga Riain. An dóigh leat go bhfuil sin tuillte aici?

**2. Saorla:**

An chiall leis an ainm 'Saorla' ná 'banphrionsa'. An féidir leat cuimhneamh ar chúpla sampla san eipeasóid seo d'iompar millte Shaorla?







snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**E. LÉAMHTHUISCINT & FEASACHT TEANGA**

Seo c**omhrá** idir Saorla agus Alanna faoi na pleananna atá acu do chóisir Shaorla.

1. Líon na bearnaí atá sa chomhrá leis an bhfocal cuí ón liosta seo: **brath, aird, ullmhúcháin, muinín, crochfaimid, rá, réamhaisnéis, dhóthain, iondúil, sceitimíní**

**Saorla (S):** Bhuel, a Alanna, an bhfuil ______________ ort faoi mo chóisir mhór amárach?

**Alanna (A):** Tá, cinnte, is fada liom é. Meas tú, an mbeidh mórán ______________ eile le déanamh maidin amárach roimh thús na cóisire ag a hocht a chlog?



**S:** Ní shamhlóinn é. Tá na málaí cóisire líonta againn agus tá an bia agus an deoch ar fad in ord agus in eagar ag Daid dom. Díreach, ________________ neart balún timpeall an ghairdín go luath maidin amárach.

**A:** Iontach, d'fhéach mé ar _________________ na haimsire ansin agus is cosúil go mbeidh lá álainn againn amárach.

**S:** Buíochas le Dia, tá ríméad orm é sin a chloisteáil. An t-aon rud a d'fhéadfadh an chóisir a scriosadh anois ná Rian. Táim ag ________ go mór air.

**A:** Tá a fhios agam. Ná bí buartha faoi. Má deir sé go mbeidh aoi speisialta cáiliúil ann, creidim é. Tá ________ agam as.

**S:** Go breá. Tá mé curtha ar mo shuaimhneas agat tar éis duit an méid sin a rá liom.

**A:** Cad a chaithfidh tú ar do lá mór amárach? Pé rud a chaithfidh tú féachfaidh tú go hálainn, mar is _________. Tá sé i gceist agamsa gúna dearg a bhfuil bláthanna bána agus buí priontáilte air a chaitheamh.

**S:** Bhuel, cheannaigh mé gúna beag dearg istigh i gCathair na Gaillimhe an lá faoi dheireadh agus féachann sé go hálainn orm, caithfidh mé a____. Taitneoidh sé go mór leat, mise a rá leat.

**A:** Táim ar bís len é a fheiceáil. Tá sé chomh maith agam dul a chodladh anois go bhfaighidh mé mo _____________ codlata roimh an gcóisir amárach. Cuirfidh mé téacs chugat arís ar maidin. Oíche mhaith.

**S:** Sea, tá sé chomh maith agamsa dul a chodladh anois freisin mar is ormsa a bheidh _______ gach duine amárach! Oíche mhaith.





snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**2. Anois, aimsigh sampla amháin de na míreanna gramadaí seo sa chomhrá thuas:**

| | |
|---|---|
| a. briathar sa mhodh ordaitheach | |
| b. an fhoirm threise den fhorainm réamhfhoclach | |
| c. aidiacht shealbhach san uimhir uatha | |
| d. aidiacht san uimhir iolra | |
| e. aidiacht bhriathartha | |
| f. ainm briathartha | |
| g. ainmfhocal baininscneach sa tuiseal ginideach uatha | |
| h. ainmfhocal firinscneach sa tuiseal ginideach uatha | |
| i. ainmfhocal sa tuiseal ginideach iolra | |




**F. SCRÍBHNEOIREACHT**

Anois, scríobh **comhrá** idir Ella agus Josh faoi chóisir Shaorla agus an méid a thit amach sa deireadh. Déan cinnte go luann tú na pointí seo a leanas sa chomhrá:

- **An feall** a d'imir Rian ar Shaorla
- **An tionchar** a bhí ag na bréaga a d'inis Rian ar imeachtaí na hoíche
- An chaoi ar **mhothaigh** Ella faoin gceolchoirm
- **Atmaisféar na cóisire** sa deireadh
- An raibh **trua** ag ceachtar den bheirt charachtar do Shaorla?







snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**FREAGRAÍ AGUS TREOIR**

**A. RÉAMHOBAIR**

Is féidir na ceisteanna seo a phlé le chéile ag tús an ranga le cabhrú leis na daltaí réamheolas ábhartha faoin mír físe a thabhairt chun cuimhne sula mbreathnaíonn siad uirthi.

**B. CLUASTUISCINT**

1. a. clúdach litreach agus cipín cuimhne
2. Ní theastaíonn ó Shaorla go mbeidh Bróna ag an gcóisir.
3. b. briseadh croí
4. Beidh siad sa bhaile le Murt don tráthnóna.
5. Rónán
6. c. casacht
7. b. Frustrachas
8. Ella agus a banna ceoil
9. Fíor
10. Déanann sé taifead den ghig agus cuireann sé in airde ar an idirlíon é.



**C: SAIBHREAS TEANGA**

| **Focail Ghaeilge agus brí** | **Abairtí samplacha** |
|---|---|
| 1. scubaid(e) *(a rude unpleasant woman - offensive)* | Níl inti ach **scubaid** bheag shuarach. |
| 2. scabhaitéir *(blackguard)* | Ní fiú bacadh leis an **scabhaitéir** sin. |
| 3. óinseach cheart *(a right fool - female)* | An gceapann sí gur **óinseach cheart** mise? |
| 4. leainín *(little baby, pet)* | Gabh i leith anseo, a **leainín**. |
| 5. éist do bhéal *(Shut up!)* | **Éist do bhéal!** Níor stop tú ag caint ó tháinig tú anseo. |
| 6. drochsheans (a slim chance) | **Drochsheans** go mbeidh an bua acu sa chluiche. |
| 7. tuatach/ tútach *(clumsy/ amateur/ a lay person)* | Is **tuatach** mar a rinne sé an obair. |
| 8. ar ór ná ar airgead *(for love nor money)* | Ní dhéanfainn é **ar ór ná ar airgead**. |
| 9. go brách *(ever)* | Ní dhéanfaidh mé dearmad air **go brách**. |
| 10. amadán *(idiot – male)* | A leithéid d'**amadán**! |





snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**D. CARACHTRACHT:**

Beidh tuairimíocht agus plé ag baint leis na ceisteanna seo. Seo roinnt freagraí samplacha, ach d'fhéadfadh na foghlaimeoirí tuairimí eile a léiriú freisin:

**1. Rian de Faoiste:**

a. Ní thaitníonn. Is bréagadóir é agus cruthaíonn sé go leor fadhbanna do na carachtair eile mar gheall air sin.
b. Deir sé le hElla agus a cairde go bhfuil aithne ag a mháthair ar go leor daoine cáiliúla; deir sé gur sheol sé ceol Ella chuig a mháthair agus nár thaitin an ceol léi; deir sé go bhfaighidh a mháthair aoi speisialta ar nós Niall Horan do chóisir Shaorla; deir sé le Máirín go bhfuil sé tinn...
c. Is dócha go n-insíonn Rian a lán bréag lena thabhairt le fios do na daoine mórthimpeall air go bhfuil sé níos suimiúla ná mar atá.
d. Spreagann scéal faoina máthair arís í; insíonn Mamó Ella di go raibh an-tallann ag a máthair fáinní cluaise a dhéanamh, ach gur éirigh sí as nuair a dúirt duine éigin léi gur cur amú ama a bhí ann. Tuigeann Ella ansin nár cheart éisteacht le daoine eile atá ag iarraidh lagmhisneach a chur ort.
e. Is dóigh liom go bhfuil sé tuillte ag Saorla, ós rud é go gcaitheann sí go hainnis le hElla agus a cairde agus bíonn uirthi ligean dóibh seinm ag a cóisir ar deireadh.



**2. Saorla:**

Samplaí d'iompar millte Shaorla san eipeasóid seo:

- Ní thugann Saorla cuireadh chuig a cóisir d'Ella agus a cairde.
- Bíonn sí ag spochadh as Treas de bharr nach bhfuil Rian mór le Treas a thuilleadh.
- Ligeann sí do 'Ghaelgóirí Mháirín Jude' a cuid obair tí a dhéanamh le bheith cinnte go bhfaighidh siad cuireadh chuig an gcóisir.
- Bíonn sí ag caitheamh anuas ar na carachtair eile gach deis a fhaigheann sí.




snas.ie © Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

## E. LÉAMHTHUISCINT & FEASACHT TEANGA

### 1. Líon na bearnaí:

**Saorla (S):** Bhuel, a Alanna, an bhfuil **sceitimíní** ort faoi mo chóisir mhór amárach?

**Alanna (A):** Tá, cinnte, is fada liom é. Meas tú, an mbeidh mórán **ullmhúcháin** eile le déanamh maidin amárach roimh thús na cóisire ag a hocht a chlog?

**S:** Ní shamhlóinn é. Tá na málaí cóisire líonta againn agus tá an bia agus an deoch ar fad in ord agus in eagar ag Daid dom. Díreach, **crochfaimid** neart balún timpeall an ghairdín go luath maidin amárach.



**A:** Iontach, d'fhéach mé ar **réamhaisnéis** na haimsire ansin agus is cosúil go mbeidh lá álainn againn amárach.

**S:** Buíochas le Dia, tá ríméad orm é sin a chloisteáil. An t-aon rud a d'fhéadfadh an chóisir a scriosadh anois ná Rian. Táim ag **brath** go mór air.

**A:** Tá a fhios agam. Ná bí buartha faoi. Má deir sé go mbeidh aoi speisialta cáiliúil ann, creidim é. Tá **muinín** agam as.

**S:** Go breá. Tá mé curtha ar mo shuaimhneas agat tar éis duit an méid sin a rá liom.

**A:** Cad a chaithfidh tú ar do lá mór amárach? Pé rud a chaithfidh tú féachfaidh tú go hálainn, mar is **iondúil**. Tá sé i gceist agamsa gúna dearg a bhfuil bláthanna bána agus buí priontáilte air a chaitheamh.

**S:** Bhuel, cheannaigh mé gúna beag dearg istigh i gCathair na Gaillimhe an lá faoi dheireadh agus féachann sé go hálainn orm, caithfidh mé a **rá**. Taitneoidh sé go mór leat, mise a rá leat.

**A:** Táim ar bís len é a fheiceáil. Tá sé chomh maith agam dul a chodladh anois go bhfaighidh mé mo **dhóthain** codlata roimh an gcóisir amárach. Cuirfidh mé téacs chugat arís ar maidin. Oíche mhaith.

**S:** Sea, tá sé chomh maith agamsa dul a chodladh anois freisin mar is ormsa a bheidh **aird** gach duine amárach! Oíche mhaith.





snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**2. Míreanna gramadaí – samplaí ón téacs:**

| | |
|---|---|
| a. briathar sa mhodh ordaitheach | **Meas** tú …, Ná **bí** … |
| b. an fhoirm threise den fhorainm réamhfhoclach | orm**sa** |
| c. aidiacht shealbhach san uimhir uatha | **mo** chóisir, **mo** shuaimhneas, **do** lá, **mo** dhóthain codlata |
| d. aidiacht san uimhir iolra | bláthanna **bána** |
| e. aidiacht bhriathartha | priontáilte, líonta |
| f. ainm briathartha | ag brath, a chaitheamh, a rá, a dhéanamh, a scriosadh |
| g. ainmfhocal baininscneach sa tuiseal ginideach uatha | thús **na cóisire**<br>málaí **cóisire**<br>réamhaisnéis **na haimsire**<br>Cathair **na Gaillimhe** |
| h. ainmfhocal firinscneach sa tuiseal ginideach uatha | mórán **ullmhúcháin**<br>timpeall **an ghairdín**<br>dhóthain **codlata** |
| i. ainmfhocal sa tuiseal ginideach iolra | neart **balún** |



**F. SCRÍBHNEOIREACHT**

Is féidir an tasc seo a dhéanamh mar obair bheirte sa rang nó mar obair bhaile.





snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad